2024/3104

12.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3104 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta (NACE) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas ('NACE Ath. 2'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008.

(2) Tar éis do NACE Ath. 2 teacht i bhfeidhm tá athrú déanta de réir a chéile, mar gheall ar an domhandú agus an digitiú, ar an mbealach a soláthraíonn go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha earraí agus seirbhísí ar fud an domhain.

(3) Mar thoradh ar na hathruithe sin, ba ghá NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta, chun a inchomparáideacht agus a chomhleanúnachas a choinneáil ar bun leis na caighdeáin maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá réir sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún ([3]), leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus bunaíodh an t-aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta ('NACE Ath. 2.1').

(4) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí measúnú a dhéanamh ar na hathruithe mionsonraithe in NACE agus chun an leagan roimhe sin den aicmiú a chur i gcomparáid leis an leagan arna thabhairt cothrom le dáta, cuireadh tábla comhfhreagrais ([4]) ar fáil d'úsáideoirí an aicmithe an 1 Lúnasa 2023, mar aon le nótaí míniúcháin ([5]).

(5) An corpas mór reachtaíochta lena leagtar amach ceanglais maidir le tarchur sonraí lena dtagraítear do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE, áirítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ann. Chun a áirithiú go sloinnfear na ceanglais sin maidir le tarchur i dtéarmaí atá comhoiriúnach leis an aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta (NACE Ath. 2.1), ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 a leasú.

(6) Ós rud é go bhfuil gráinneacht an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta cosúil le gráinneacht bhunleagan an aicmithe, ní fhorchuirfeadh na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 a leagtar amach sa Rialachán seo aon ualach breise ar na Ballstáit ná ar fhreagróirí.

([1]) IO L 35, 8.2.2005, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/184/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

([4]) https://europa.eu/!f6H9nX.

([5]) https://europa.eu/!FNRFFB.

(7) Níor cheart comhlíonadh an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta a bheith ina cheanglas láithreach, toisc gur gá tréimhse áirithe chun go mbeidh soláthraithe sonraí in ann oiriúnú do na ceanglais rialála nua. Ba cheart a mheabhrú go leagtar amach dáta curtha siar chur i bhfeidhm i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chomh maith.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 184/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 8:

'Tábla 8

Leibhéal miondealaithe ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha

Leibhéal 1	Leibhéal 2	**NACE** (Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006)
	TALMHAÍOCHT, FORAOISEACHT AGUS IASCAIREACHT	**roinn A**
MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT	**MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT**	**roinn B**
	Eastóscadh peitriliam amh, gás nádúrtha agus gníomhaíochtaí tacaíochta mianadóireachta	rannáin 06, 09
MONARAÍOCHT	**MONARAÍOCHT**	**cuid C**
	Táirgí bia, deochanna agus táirgí tobac	rannáin 10, 11, 12
	IOMLÁN gníomhaíochtaí teicstílí agus adhmaid	rannáin 13, 14, 16, 17, 18
	Teicstílí agus corpbheart	rannáin 13, 14
	Adhmad, páipéar, priontáil agus atáirgeadh	rannáin 16, 17, 18
Peitriliam, ceimiceáin, táirgí cógaisíochta, táirgí rubair agus plaisteacha	IOMLÁN an pheitriliam, na gceimiceán, na dtáirgí cógaisíochta, na dtáirgí rubair agus plaisteacha	rannáin 19, 20, 21, 22
	Táirgí cóic agus peitriliam scagtha	rannán 19
	Ceimiceáin agus táirgí ceimiceacha	rannán 20
	Táirgí rubair agus plaisteacha	rannán 22
	IOMLÁN táirgí miotail agus innealra	rannáin 24, 25, 26, 28
	Miotail bhunúsacha agus táirgí déanta as miotal	rannáin 24, 25
Táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla	Táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla	rannán 26
	Innealra agus trealamh nach n-aicmítear in áit ar bith eile	rannán 28
Feithiclí, trealamh iompair eile	IOMLÁN na bhfeithiclí agus trealaimh iompair eile	rannáin 29, 30
	Mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí	rannán 29
	Trealamh iompair eile	rannán 30
	IOMLÁN na monaraíochta eile	rannáin 15, 23, 27, 31, 32, 33
SOLÁTHAR LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS AERCHÓIRIÚCHÁIN	**SOLÁTHAR LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS AERCHÓIRIÚCHÁIN**	**roinn D**

Leibhéal 1	Leibhéal 2	**NACE** (Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006)
SOLÁTHAR UISCE; SÉARACHAS, BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEASÚCHÁIN	**SOLÁTHAR UISCE; SÉARACHAS, BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEASÚCHÁIN**	**roinn E**
	Bailiú, cóireáil agus soláthar uisce	rannán 36
	Séarachas, bainistiú dramhaíola, gníomhaíochtaí leasúcháin	ranníain 37, 38, 39
FOIRGNÍOCHT	**FOIRGNÍOCHT**	**roinn F**
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ	**IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ**	roinn G, H, I, J, K, L, M, N O, P, Q, R, S, T, U, V
TRÁDÁIL MHÓRDHÍOLA AGUS MHIONDÍOLA	**TRÁDÁIL MHÓRDHÍOLA AGUS MHIONDÍOLA**	**roinn G**
	Trádáil mhórdhíola	rannán 46
	Trádáil mhiondíola	rannán 47
IOMPAR AGUS STÓRÁIL	**IOMPAR AGUS STÓRÁIL**	**roinn H**
	IOMLÁN an iompair agus na stórála seachas gníomhaíochtaí poist agus cúiréara	ranníain 49, 50, 51, 52
	Iompar ar talamh agus iompar trí phíblínte	rannán 49
	Iompar d'uisce	rannán 50
	Aeriompar	rannán 51
	Ollstóráil agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair	rannán 52
	Gníomhaíochtaí poist agus cúiréara	rannán 53
CÓIRÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ BIA	**GNÍOMHAÍOCHTAÍ CÓIRÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ BIA**	**roinn I**
FOILSITHEOIREACHT, CRAOLTÓIREACHT, AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE AGUS DÁILEACHÁIN ÁBHAIR	**FOILSITHEOIREACHT, CRAOLTÓIREACHT, AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁIRGTHE AGUS DÁILEACHÁIN ÁBHAIR**	**roinn J**
	Foilsitheoireacht	rannán 58
	Craoltóireacht agus táirgeadh agus dáileadh ábhar	ranníain 59, 60
TEILEACHUMARSÁID, RÍOMHCHLÁRÚ, COMHAIRLIÚ, BONNEAGAR RÍOMHAIREACHTA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE FAISNÉISE EILE	**TEILEACHUMARSÁID, RÍOMHCHLÁRÚ, COMHAIRLIÚ, BONNEAGAR RÍOMHAIREACHTA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE FAISNÉISE EILE**	**roinn K**
	Teileachumarsáid	rannán 61
	Gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide eile	ranníain 62, 63

Leibhéal 1	Leibhéal 2	**NACE** (Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006)
GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS AGUS ÁRACHAIS	**GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS AGUS ÁRACHAIS**	**roinn L**
	Idirghabháil airgeadais, seachas cistiú árachais agus pinsin	rannán 64
	Gníomhaíochtaí cuideachtaí sealbhaíochta agus cainéal maoinithe	grúpa 64.2
	Árachas, athárachas agus cistiú pinsin, seachas leas sóisialta éigeantach	rannán 65
	Gníomhaíochtaí cúnta do sheirbhísí airgeadais, seachas árachas agus cistiú pinsin	rannán 66
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ EASTÁIT RÉADAIGH	**roinn M**
GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA, EOLAÍOCHA AGUS TEICNIÚLA	**GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA, EOLAÍOCHA AGUS TEICNIÚLA**	**roinn N**
	Gníomhaíochtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta	rannán 69
	Gníomhaíochtaí dlíthiúla	grúpa 69.1
	Gníomhaíochtaí cuntasaíochta, leabharchoimeádta agus iniúchóireachta; sainchomhairliúchán cánach	grúpa 69.2
	Gníomhaíochtaí ceannoifigí agus sainchomhairliúcháin bainistíochta	rannán 70
	Gníomhaíochtaí ceannoifigí	grúpa 70.1
	Gníomhaíochtaí sainchomhairliúcháin gnó agus bainistíochta eile	grúpa 70.2
	Gníomhaíochtaí ailtireachta agus innealtóireachta; tástáil agus anailís theicniúil	rannán 71
Taighde agus Forbairt Eolaíoch	Taighde agus Forbairt Eolaíoch	rannán 72
	Gníomhaíochtaí fógraíochta, taighde margaidh agus caidrimh phoiblí	rannán 73
	Fógraíocht	grúpa 73.1
	Taighde margaidh agus seoladh pobalbhreitheanna	grúpa 73.2
	Gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí agus cumarsáide	grúpa 73.3
	Gníomhaíochtaí eile gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, gníomhaíochtaí tréidliachta	rannáin 74, 75
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE RIARACHÁIN AGUS TACAÍOCHTA	**roinn O**
	Gníomhaíochtaí ligean ar cíos agus léasaithe	rannán 77
	Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta eile	rannáin 78, 79, 80, 81, 82
	OIDEACHAS	**roinn Q**

Leibhéal 1	Leibhéal 2	**NACE** (Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006)
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ I dTACA LE SLÁINTE AN DUINE AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRE SÓISIALTA	**roinn R**
NA hEALAÍONA, SPÓRT AGUS ÁINEAS	**NA hEALAÍONA, SPÓRT AGUS ÁINEAS**	**roinn S**
	Gníomhaíochtaí cruthaithe ealaíon agus siamsaíochta	rannán 90
	Leabharlanna, cartlanna, músaeim agus gníomhaíochtaí cultúrtha eile	rannán 91
	Gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa eile; gníomhaíochtaí cearrbhachais agus gealltóireachta	ranníain 92, 93
	GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE EILE	**roinn T**
	Gníomhaíochtaí eagraíochtaí comhaltais	rannán 94
	Deisiú ríomhairí agus earraí pearsanta agus tí, agus mótarfheithiclí agus gluaisrothar, gníomhaíochtaí seirbhíse pearsanta eile	ranníain 95, 96’
	Gan uimhir	
	Ceannacháin agus díolacháin phríobháideacha eastáit réadaigh	
IOMLÁN NA GNÍOMHAÍOCHTA	**IOMLÁN NA GNÍOMHAÍOCHTA**	